# Líon na Bearnaí

## Sraith 11: Bua sa Seó Tallainne

**Pictiúr 1.**

Chonaic siad fógra go raibh seó _______________ le reachtáil go háitiúil i gceann trí nó ceithre mhí. Chuir siad spéis ann mar ba __________ iad. Dúirt Diarmaid gur cheart dóibh cur isteach air. Bhí ceol acu agus níor dhochar dóibh ___________ a bhaint as. D'aontaigh Aodh leis. Ba dheas an rud duais míle euro a bhuachan!

**Pictiúr 2.**

Thosaigh siad ag _____________ i Mí Feabhra. Chinn siad ar "An Criú Craiceáilte" a thabhairt orthu féin mar bhuíon ceoil. Chaith siad trí mhí ag cleachtadh._____________ ab ea Aodh. Cuireadh sé drithlíní scleondair i gcroí gach aon duine le binneas a cheoil. Ba é Brian an ________________. Bhí an-rithim ann agus é in ann an luas a choinneáil go cruinn. Bhí ____________ binn ag Ciarán agus ghlac seisean air féin na hamhráin a chasadh. _______________ den scoth ab ea Diarmaid agus bhí sé in ann comhcheol a choinneáil leo.

**Pictiúr 3.**

Nuair a tháinig lá an chomórtais iarradh ar na __________________ go léir teacht isteach go luath chun cleachtadh ardáin a dhéanamh. D'iarr na buachaillí ar athair Aodha teacht in éineacht leo agus éisteacht leo ag an gcleachtadh deiridh seo. Mhol sé dóibh triail a bhaint as cúpla ciúta eile chun ____________ breise a chur ar a gcuid seanma. Ar deireadh thiar thall tháinig oíche an taispeántais i Halla an Phobail. _________________ slua mór daoine os comhair an halla. Theastaigh uathu go léir suíocháin mhaithe a fháil. Bhí ______________ daoine ag feitheamh le dul isteach.

**Pictiúr 4.**

Pearsa cáiliúil teilifíse ab ea an _______________agus bhí sé an-síodúil dea-labhartha. Chuir sé gach mír i láthair an lucht ______________, ceann i ndiaidh a chéile. Mhol sé gach duine díobh agus d'iarr sé bualadh bos dóibh. Ba iad "An Criú Craiceáilte" an mhír dheiridh ar an gclár. Chuaigh "An Criú Craiceáilte" amach ar an árdán agus thosaigh siad ag seinm. Cé go raibh slua mór os a gcomhair d'éirigh go _____________ leo. Thosaigh an slua ag bualadh bos agus ag tabhairt an-tacaíocht dóibh nuair a sheinn siad go tapa.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 5.**

Tar éis do gach iomaitheoir dul ar an ______________ chuaigh an Láithreoir suas arís. Thug sé óráid ghearr. Ghabh sé buíochas le gach aon duine a bhí ______________ sa chomórtas. Mhol sé na hiomaitheoirí go léir. Dúirt sé go raibh jab an-deacair le déanamh ag na _____________ buaiteoir a roghnú. Ina dhiaidh sin féin bhí áthas air a fhógairt gurbh iad "An Criú Craiceáilte" a bhuaigh an duais. Ghlaoigh sé orthu teacht amach ar an ardán. ________________ an duais míle euro orthu.

**Pictiúr 6.**

Chinn _______________ an ghrúpa "An Criú Craiceáilte" leanúint ar aghaidh ag seinm le chéile. An chéad uair eile a thug siad cuairt ar "An Fonn Mall" an siopa ceoil a bhí ar an mbaile. Theastaigh ó fhear an siopa rudaí a dhíol leo. Bhí ________________ ar fáil an lá sin, dar leis. Dhíolfadh sé a lán ____________ceoil leo ar leath-phraghas. Níor cheannaigh siad a dhath. Thug Brian an seic leis go dtí an banc. D'oscail sé cuntas bainc in ainm "An Criú Craiceáilte" agus ________________ sé an seic.